AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

---

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR II

**(110 marc)**

---

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 go dtí 11.50**

---

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) <u>nó</u> Roinn B (Cúrsa Roghnach) a fhreagairt. (Ceist 1 <u>agus</u> Ceist 2 a fhreagairt i Roinn A <u>nó</u> i Roinn B.)**

---

## ROINN A - CÚRSA AINMNITHE -

**Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

### CEIST 1 - PRÓS AINMNITHE- [55 mharc]

**Freagair (a) agus (b) anseo.**

**(a)** (i) "Tháinig scamall os cionn an uisce. Máire Bhán a bhí ann. Í ag iarraidh buicéad uisce ón tobar." (*Amuigh Liom Féin*)

Tabhair **cuntas** ar ar tharla ina dhiaidh sin sa ghearrscéal sin. (25 mharc)

(ii) Cén sórt duine é Daideo, dar leat? Déan cur síos **gairid** air agus inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**nó**

(i) "I dtigh Mhic Raghnaill a bhí Eoin. Tá a fhios agat conas mar a bhíonn ag déagóirí", arsa Breandán le hEithne. *(Gafa)*

Tabhair **cuntas** ar Eoin ón eolas atá sa sliocht seo faoi. (25 mharc)

(ii) Cén tuismitheoir, Breandán nó Eithne, is mó a raibh trua agat dó/di sa scéal seo? Déan cur síos **gairid** air/uirthi. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**(b)** Maidir leis na trí shaothar eile, *Clann Lir*, *Fiosracht Mhná* agus *An Lasair Choille* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| éad | greann | saoirse (nó éalú) | |
| draíocht (iontas) | grá (nó fuath) | brón (nó díomá) | (20 marc) |

**nó**

Maidir leis na trí shaothar eile, *Clann Lir, Fiosracht Mhná* agus *An Lasair Choille* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh agus tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** phearsa (charachtar) ann, pearsa (carachtar) amháin a thaitin leat **agus** pearsa (carachtar) amháin nár thaitin leat. (20 marc)

| CEIST 2 | - FILÍOCHT AINMNITHE - | [55 mharc] |
|---|---|---|

**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**

**(a)** (i) Inis, **i d’fhocail féin**, cad is téama don dán, *Bríd Óg Ní Mháille* (thíos). (10 marc)

(ii) Cad é an mothúchán is mó sa dán seo, dar leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)

(iii) *“Is buachaill deas óg mé ’tá ag triall chun mo phósta*
*’s ní buan i bhfad beo mé mura bhfaighe mé mo mhian”*
Cad atá i gceist ag an bhfile leis an gcaint sin, dar leat? (7 marc)

(iv) Ar thaitin an dán seo leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**Bríd Óg Ní Mháille**

A Bhríd Óg Ní Mháille, ’s tú d’fhág mo chroí cráite
’s chuir tú arraingeacha báis trí cheartlár mo chroí;
tá na mílte fear i ngrá led éadan ciúin náireach
’s go dtug tú barr breáchta ar Thír Oireall’ más fíor.

Níl ní ar bith is áille ná grian os cionn gairdín
nó bláth bán na n-airne bhíos ag fás ar an draighean;
mar siúd a bhíos mo ghrá-se le deise ’s le breáchta,
a chúl tiubh na bhfáinní a bhfuil mo ghean ort le bliain.

Is buachaill deas óg mé ’tá ag triall chun mo phósta
’s ní buan i bhfad beo mé mura bhfaighe mé mo mhian;
a chuisle ’s a stórach, faigh réidh is bí romhamsa
go déanach Dé Domhnaigh ar bhóithrín Droim Chliabh.

Is tuirseach ’s is brónach a chaithimse an Domhnach,
mo hata ’mo dhorn ’s mé ag osnaíl go trom,
’s mé ag amharc ar na bóithre a mbíonn mo ghrá geal ag góil ann
’s í ag fear eile pósta ’s gan í a bheith liom.

**<u>nó</u>**

(i) Déan cur síos, **i d’fhocail féin**, ar an íomhá (pictiúr) a chuireann an file os ár gcomhair i véarsa a haon sa dán, *Mac Eile Ag Imeacht* (thíos). (10 marc)

(ii) Cén áit a bhfuil an mac ag imeacht **agus** cén fáth a bhfuil sé ag imeacht go dtí an áit sin? (8 marc)

(iii) Tá codarsnacht (difríocht) le feiceáil i véarsa a trí. Scríobh **nóta gearr** ar an difríocht atá idir ‘na stráinséirí’ i línte 17/18 agus an chlann i línte 19/20. (7 marc)

(iv) An maith leat an dán seo?

Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**Mac Eile ag Imeacht**

Cuirfimidne chun bóthair arís inniu
Chuig aerfort Bhaile Átha Cliath.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.
Eisean féin a thiománfaidh an carr
Tús curtha ar a thuras fada.
Ag mionchomhrá treallach, míloighciúil
8 Meilfimid an aimsir.

Staidéar ar ríomhtheangacha
A bheidh idir lámha aige.
Béarfaidh sé ar an bhfaill
Faoi spalladh gréine i Houston, Texas.
Tar éis slán a chur leis
Agus greim láimhe againn ar a chéile
Pléifimid na buntáistí a bheadh aige thall
16 Nach mbeadh ar fáil sa bhaile.

17 Gealgháireach, fuadrach a bheidh
Na stráinséirí inár dtimpeall.
19 Ní bhacfaimid le cupán caife
Siúlfaimid go dtí an carr go mall.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.

**(b)** Maidir leis an dán, *Treall* (thíos), roghnaigh *mothúchán* **amháin** as an liosta seo a leanas agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| fearg | éadóchas | mífhoighne | |
| déistin (míshásamh) | díomá | | (20 marc) |

**<u>nó</u>**

Maidir leis an dán, *Treall* (thíos), tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **<u>agus</u>** ar mheafar **amháin** sa dán sin a thaitin go mór leat. (20 marc)

**Treall**

Tabhair dhom casúr
nó tua
go mbrisfead is
go millfead
an teach seo
go ndéanfad tairseach
den fhardoras
'gus urláir de na ballaí,
go dtiocfaidh scraith
agus díon agus
similéir anuas
le neart mo chuid
allais -

Sín chugam anois
Na cláir is na tairní
go dtóigfead
an teach eile seo -

Ach, a Dhia, táim tuirseach!

## ROINN B - CÚRSA ROGHNACH -

**Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

### CEIST 1 - PRÓS ROGHNACH- [55 mharc]

**Freagair (a) agus (b) anseo.**

**(a)** (i) Maidir le gearrscéal (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** ar an téama atá sa ghearrscéal sin. (23 mharc)

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

(ii) Déan cur síos **gairid** ar rud **amháin** sa ghearrscéal sin a cheapann tú atá suimiúil (go maith) agus inis cén fáth a gceapann tú go bhfuil an rud sin suimiúil (go maith). (10 marc)

**nó**

(i) Maidir le sliocht as úrscéal (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharla sa sliocht sin. (23 mharc)

[Ní mór teideal an úrscéil sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

(ii) Cén phearsa (carachtar) sa sliocht sin is mó a thaitin leat? Déan cur síos **gairid** air/uirthi agus inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé/sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**(b)** Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| éad | greann | saoirse (nó éalú) | |
| draíocht (iontas) | grá (nó fuath) | brón (nó díomá) | (18 marc) |

[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

**nó**

Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) agus **nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh agus tabhair cuntas **gairid** ar **dhá** rud ann a cheap tú a bhí go maith. (18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

## CEIST 2 - FILÍOCHT ROGHNACH - [55 mharc]

**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**

**(a)** (i) Maidir le dán seanaimseartha **amháin** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (6 mharc)

(ii) Roghnaigh **dhá** mheafar a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an **dá** mheafar sin. (10 marc)

(iii) Scríobh nóta **gearr** faoin méid a d'fhoghlaim tú (tuiscint nua/dearcadh nua) de bharr go ndearna tú staidéar ar an dán seo. (7 marc)

(iv) Ar thaitin an dán seo leat?

Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

[<u>Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.</u>] (2 mharc)

**<u>nó</u>**

(i) Maidir le dán **amháin** a chum **<u>fear</u>** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), inis cad é an mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)

(ii) Déan cur síos ar **dhá** íomhá (phictiúr) sa dán seo a cheap tú a bhí go maith agus déan cur síos ar an **dá** íomhá (phictiúr) sin. (8 marc)

(iii) An dóigh leat go bhfuil an teideal atá ar an dán seo oiriúnach? Cuir fáth **amháin** le do thuairim. (7 marc)

(iv) An maith leat an dán seo?

Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

[<u>Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.</u>] (2 mharc)

**(b)** Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **<u>agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas</u>**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **<u>bean</u>**, a bhfuil **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| brón (nó áthas) | eagla (nó fearg) | uaigneas (nó díomá) | |
| dóchas (nó éadóchas) | déistin (míshásamh) | grá (nó fuath) | (18 marc) |

[<u>Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.</u>] (2 mharc)

**<u>nó</u>**

Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **<u>agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas</u>**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **<u>bean</u>**, tabhair cuntas **gairid** ar théama an dáin sin **<u>agus</u>** ar **dhá** rud sa dán sin a thaitin leat (**<u>nó</u>** nár thaitin leat ). (18 marc)

[<u>Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.</u>] (2 mharc)

*LEATHANACH BÁN*

*LEATHANACH BÁN*